An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing,
Local Government and Heritage

# Scéim Infheistíochta na hOidhreachta Tógtha
# Leabhrán Treorach d'Iarratasóirí








# *Cúlra agus Cuspóir na Scéime*

Cuireann an treoir seo faisnéis ar fáil d'*iarratasóirí* maidir leis an bpróiseas iarratais agus feidhmiú **Scéim Infheistíochta na hOidhreachta Tógtha (BHIS) 2024** .

## Cúlra agus Cuspóir na Scéime

Imríonn cáilíocht ár dtimpeallachta tógtha stairiúla tionchar mór ar ár saol laethúil. Cuireann sé le beogacht ár gcathracha, ár mbailte, ár sráidbhailte agus ár dtuath agus ag cothú mórtas áite. Cuidíonn sé go mór freisin lenár mbeartais um ghníomhú aeráide tríd an gcarbón corpraithe a choinneáil sna foirgnimh atá ann cheana féin agus cabhrú lena choimeád in úsáid sna blianta amach romhainn.

Is iad a n-úinéirí agus a n-áititheoirí príomhchaomhnóirí na struchtúr atá cosanta faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, agus tá siadsan, i dteannta leis na hÚdaráis Áitiúla, freagrach as iad a chosaint. Tá an BHIS deartha chun tacú le húinéirí agus caomhnóirí agus iad ag tabhairt aire do na struchtúir seo. Ritheann sé taobh le Ciste na Struchtúr Stairiúil (HSF) a cheadaíonn oibreacha caomhantais ar scála níos mó a dhéanamh ar struchtúir oidhreachta.

Feidhmeoidh scéim BHIS ar feadh 2024, agus beidh maoiniú le héileamh laistigh den bhliain féilire sin. Is iad na hÚdaráis Áitiúla a dhéanfaidh an scéim a riaradh, agus gheobhaidh gach duine acu méid leithdháilte den mhaoiniú iomlán a bheidh ar fáil mar a chinnfidh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (an Roinn).

Féadfaidh maoiniú a bhronntar ar iarratasóirí tríd an scéim a bheith sa raon ó €2,500 go huasmhéid de €15,000.

Is iad aidhmeanna na Scéime Infheistíochta na hOidhreachta Tógthaná:

- Maoiniú a chur ar fáil d'úinéirí agus caomhnóirí réadmhaoine stairiúla chomh maith le caipiteal príobháideach a ghiaráil chun infheistíocht a dhéanamh i dtionscadail chaomhnaithe ar scála beag, atá dian ar shaothar ar fud na tíre chun an timpeallacht thógtha stairiúil a dheisiú.
- Cabhrú le húinéirí struchtúir atá faoi chosaint faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt a dheisiú agus a chaomhnú, ag cabhrú leo dá réir a n-oibleagáid a chomhlíonadh maidir leis na foirgnimh oidhreachta tábhachtacha seo a chothabháil sa todhchaí.
- Tacú le heilimint oiliúna scileanna traidisiúnta, mar dhíon, tuí, moirtéal aoil, ballaí cloiche tirime, oibreacha iarainn agus saoirseachta. Ní mór don Roinn agus don údarás áitiúil ábhartha aon tionscadail dá leithéid a chomhaontú roimh ré.
- Tá BHIS 2024 dírithe ar réadmhaoin atá ar Thaifead na Struchtúr Cosanta (RPS) agus Limistéir Chaomhantais Ailtireachta (ACAnna).

## *Achoimre ar an scéim – cé atá in ann iarratas a dhéanamh, tionscadail incháilithe*

Cuireann Scéim Infheistíochta na hOidhreachta Tógtha maoiniú caipitil ar fáil le haghaidh oibreacha ar struchtúir cháilitheacha lena n-áirítear iad seo a leanas:

**(1)** Struchtúir faoi chosaint (liostaithe ar Thaifead na Struchtúr Cosanta
**(2)** Struchtúir chosanta molta (atá beartaithe le liostú ar Thaifead na Struchtúr Cosanta)
**(3)** Struchtúir i Limistéir Chaomhnaithe Ailtireachta (ACAanna), nó laistigh de thaitneamhacht Séadchomhartha Náisiúnta

Má bhíonn an t-iarratasóir in amhras faoi incháilitheacht struchtúir faoi leith faoin scéim seo, moltar dóibh dul i dteagmháil lena nú darás á itiúil lena bhfiosrúchán.

**Nóta:** Ní bhreithneofar ach iarratas amháin in aghaidh an struchtúir nó an iarrthóra. Féadfaidh iarratasóirí cur isteach ar an gCiste um Struchtúr Stairiúil agus ar an Scéim Infheistíochta na hOidhreachta Tógtha, ach ní fhéadfaidh siad leas a bhaint as maoiniú ón dá scéim. I gcásanna ina bhfuil maoiniú bronnta ar iarratasóir faoin dá scéim, ní mór dóibh a chur in iúl cén scéim ar mian leo ar mian leo glacadh léi.

Ní mór gach obair faoin BHIS a bheith ceadaithe, a thabhairt chun críche agus íoc as sula n-iarrtar forchúiteamh ón Roinn. Féadfaidh gné oiliúna gaolmhar a bheith san áireamh san obair.

## *Oibreacha Cáilitheacha agus Neamhcháilitheacha*

Tá liosta Oibreacha Cáilitheacha agus Neamhcháilitheacha thíos.

Ba chóir a thabhairt faoi deara go mbeidh an Roinn ag cur sruth maoinithe ar fáil arís faoin scéim seo le haghaidh oibreacha gnáthchothabhála agus miondeisiúcháin, nach raibh incháilithe do mhaoiniú faoin scéim roimhe seo. Ba cheart d’iarratasóirí ar an scéim gnáthchothabhála agus miondeisiúcháin seo an fhoirm iarratais chaighdeánach do BHIS 2024 a úsáid.

### Oibreacha Cáilitheacha (Le tuilleadh sonraí a fháil, déan teagmháil le d’Údarás Áitiúil nó féach ar Chiorclán BHIS 2024)

- 
- Cobhsaíocht Struchtúrtha
- Díonta
- Diúscairt Uisce Báistí
- Ballaí Seachtracha
- Siúinéireacht Sheachtrach

- Gloine dhaite
- Gnéithe Seachtracha
- Taobh istigh
- Innealra
- Fothracha Stairiúla
- Feabhsuithe ar Éifeachtúlacht Fuinnimh
- Seirbhísí
- Oibreacha Sealadacha
- Oibreacha Eile
- Táillí Gairmiúla

**Oibreacha Neamhcháilitheacha (Le tuilleadh sonraí a fháil, déan teagmháil le d'Údarás Áitiúil nó féach ar Chiorclán BHIS 2024)**

- 
- Gnáthoibreacha
- Athruithe
- Scartáil
- Athchóiriú
- Oibreacha Neamhriachtanacha
- Saothair Reatha
- Ballaí Seachtracha
- Siúinéireacht Sheachtrach
- Éifeachtúlacht Fuinnimh
- Fearann Poiblí

Is féidir sonraí iomlána na n-oibreacha cáilitheacha a fháil ar Chiorclán na Scéime Infheistíochta na hhOidhreachta Tógtha, atá ar fáil ar gach suíomh g réasáin ú darás á itiúil.



## *An Próiseas Iarratais agus Measúnaithe*

## *An Próiseas Iarratais d'Úinéirí/Áititheoirí*

***Ní mór iarratais a dhéanamh chuig an údarás áitiúil ábhartha (ag baint úsáide as Foirm A) faoi spriocdháta arna shocrú ag d'údarás áitiúil. Déan teagmháil le do thoil leis an Oifigeach Caomhnaithe Ailtireachta i d'údarás áitiúil chun an spriocdháta le haghaidh iarratas a dheimhniú.***

***Ba cheart oibreacha beartaithe a dhéanamh de réir na gcaighdeán dea-chleachtais mar atá leagtha amach i dTreoirlínte na Roinne um Chosaint na hOidhreachta Ailtireachta d'Údaráis Phleanála (2011), agus i bhfoilseacháin na Sraithe Comhairle https://www.buildingsofireland.ie/resources/.Ní mór aird a thabhairt freisin ar na treoirlínte um Phróiseas Seandálaíochta agus Pleanála arna n-eisiúint ag an tSeirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta, agus bileoga treorach eisithe ag an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) maidir le gnáthóga agus speicis nuair is cuí.***

### An Próiseas Measúnaithe

**Déanann painéal saineolaithe laistigh den Údarás Áitiúil na hiarratais a mheasúnú. Déantar iarratais a mheasúnú de réir na gcritéar seo a leanas atá cothrom ualaithe:**

1. Tábhacht an S truchtúir.
2. Éifeachtúlacht na n-O ibreacha.
3. Cáilíocht na modheolaíochta agus fiúntas teicniúil na n-oibreacha atá beartaithe.
4. Cáilíocht na nOibreacha Beartaithe.

### Maoiniú Tionscadal

Is é an t-íosmhéid maoinithe a bhronnfar ar thionscadail rathúla**€2,500** suas go dtí uasmhéid de**€15,000**. Bunaithe ar mheasúnú na n-iarratas, leithdháilfidh na húdaráis áitiúla aonair maoiniú ar gach ceann de na hiarratasóirí rathúla. Tabharfar tosaíocht do thionscadail mhionscála a bheidh dian ar shaothar. Ba chóir go léireodh tionscadail raon scileanna caomhnaithe.

Ní bhaineann an t-íosmhéid le tionscadail a fhaigheann maoiniú faoin scéim phíolótach le haghaidh gnáthoibreacha cothabhála agus miondeisiúcháin. Is é **€2,500.** an dámhachtain uasta do thionscadail dá leithéid.

### Cistí Comhoiriúnacha

Faoi BHIS, **ní fhéadfaidh luach iomlán an mhaoinithe phoiblí go léir a chuirtear ar fáil do thionscadail aonair a bheith níos mó ná 50% de chostas iomlán an tionscadail,** lena n-áirítear maoiniú a fuarthas ó ghníomhaireachtaí poiblí eile lena n-áirítear an SEAI, an Chomhairle Oidhreachta, LEADER agus ranna eile rialtais agus údaráis áitiúla. Ní féidir obair dheonach (sochar comhchineáil), cistí/ranníocaíochtaí na n-údarás áitiúil féin nó maoiniú ó fhoinsí státchiste eile a úsáid chun an riachtanas cistiú meaitseála a shásamh.

## *Monatóireacht ar Dhul Chun Cinn an Tionscadail*

### Tuarascálacha Rialta ar Dhul Chun Cinn

Mar chuid den phróiseas maoinithe faoi BHIS 2024 , ceanglaítear ar an Údarás Áitiúil cuairteanna ar iniúchtaí láithreáin fhisiciúla a dhéanamh, nuair is féidir agus is cuí, le linn an tionscadail, agus ceanglaítear orthu an Roinn a nuashonrú ag eatraimh rialta maidir le dul chun cinn na dtionscadal. Ceanglaítear ar an Iarratasóir faisnéis ábhartha a sholáthar don ú darás á itiúil maidir leis na hoibreacha a bhfuil tionscadal ag fáil maoiniú dóibh, lena n-áirítear oibreacha a chríochnú, tosú, dul chun cinn, agus aon athruithe a d'fhéadfadh tarlú i rith na bliana féilire.

Forchúiteamh an Mhaoinithe

## *Tá Údaráis Áitiúla freagrach as cistí faoin scéim a íoc le hiarratasóirí rathúla sula lorgaíonn siad aisíocaíocht ó DHLGH. Ní mór don údarás áitiúil na hoibreacha go léir a chomhlánú agus a dheimhniú mar oibreacha de réir théarmaí an deontais sular féidir leis an iarratasóir íocaíocht maoinithe a lorg.*

## *Ní mór don iarratasóir doiciméadú ábhartha a sholáthar don Údarás Áitiúil maidir le sonraisc, íocaíochtaí, fianaise ghrianghrafadóireachta ar an obair chríochnaithe, laethanta fostaíochta, laethanta oiliúna srl.*

## *Nóta Treorach ar Ráitis Modha*

Comhlánaíonn an Gairmí Caomhnaithe an **Ráiteas Modh** agus ní mór dó cur síos a dhéanamh ar riocht an struchtúir, agus sonraí a thabhairt ar an gcaoi a ndéanfar oibreacha caomhnaithe/deisiúcháin. Ní gá go mbeadh an doiciméad seo ró-fhada ach caithfidh sé a bheith oiriúnach do nádúr agus scála na n-oibreacha beartaithe, m.sh. ní bheidh an oiread sonraí ag teastáil ó Ráiteas Modha maidir le hath-thuí agus ceann le haghaidh deisiúcháin struchtúracha nó saoirseachta. Níor chóir go mbeadh sé níos mó ná **DEICH leathanach A4.**

**Caithfidh** na nithe seo a leanas **a bheith sa Ráiteas Modha:**
1. Cur síos gonta ar an struchtúr.
2. Cur síos ar na hoibreacha atá beartaithe.
3. Ráiteas tionchair agus bearta maolaithe molta (más infheidhme).
4. Crostagairt den Ráiteas Modh leis an bplean oiliúna, nuair is cuí.

Chun sonraí breise a fháil ar ráitis mhodha, féach le do thoil le Ciorclán na Scéime Infheistíochta na hOidhreachta Tógtha, atá ar fáil ar shuíomhanna g réasáin uile na nÚdarás Áitiúil.

## *Sonraí Teagmhála*

Le tuilleadh eolais a fháil faoin scéim seo, déan teagmhail le **hOifig Caomhnaithe nó Pleanála Ailtireachta d'Údarás Áitiúil n Aonad Beartais Oidhreachta Tógtha, An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta**, Teach an Chustaim, Baile Átha Cliath 1, D01 W6X0 or email nó riomhphost BHIS@housing.gov.ie.

## *Téarmaí & Coinníollacha Deontais*

Tabhair faoi deara, le do thoil, go gcaithfidh oibreacha atá ceadaithe ag deontais gach riachtanas reachtúil a chomhlíonadh, lena n-áirítear cead pleanála agus tá gach iarratas faoi réir FOI. Chun liosta iomlán téarmaí agus coinníollacha a fháil, téigh i gcomhairle le Ciorclán na Scéime Infheistíochta Oidhreachta Tógtha, atá ar fáil ar gach láithreán gréasáin de chuid an ú daráis á itiúil.



*Teach Tuí, Galros, Cuan na Sionainne, Co Uíbh Fhailí – maoinithe faoi BHIS 2021*